## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

**Aistear**
*Téamaí*: *Folláine agus Leas*, *Féiniúlacht agus Muintearas*, *Cumarsáid a Dhéanamh*
***Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais***:
*Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí* (lgh. 6-25)

**Caighdeáin Síolta**
3: *Tuismitheoirí agus Teaghlaigh* C3.1, 3.2, 3.3
*Achoimriú Taighde* nasctha leis an *gCaighdeán thuasluaite*

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

Cabhróidh **an Uirlis Féinmheastóireachta** seo leat chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht do chomhpháirtíochta le tuismitheoirí, cé acu mar chleachtóir aonair nó mar fhoireann.  Is éard atá i gceist leis an téarma tuismitheoirí ná cúramóirí agus oideoirí príomha an linbh. Mar shampla, an t-athair agus an mháthair agus/nó caomhnóirí.

**1.** Tá an uirlis seo roinnte ina **6 ghné**.

- Tacú le teaghlaigh a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu
- Eolas a chomhroinnt faoin suíomh agus faoin gcuraclam
- Eolas faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí a chomhroinnt le tuismitheoirí
- Cabhrú le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt sa bhaile
- Dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí
- Tabhairt ar na tuismitheoirí bheith páirteach sa suíomh

**2.** Tá **sraith ráiteas** ag gabháil le gach gné. I ndáil le gach ráiteas, roghnaigh an rogha is fearr a léiríonn do chleachtas reatha.

| | |
|---|---|
| Riamh/Go hAnnamh | Is annamh a dhéanaim é seo. |
| Uaireanta | Déanaim é seo má chuimhním air/nuair a chuimhním air. |
| Go Rialta | Déanaim iarracht é seo a dhéanamh chomh minic agus is féidir liom. |
| Beagnach i gCónaí | Déanaim é seo an chuid is mó den am. |

Más mian leat nótaí a bhreacadh síos maidir le haon cheann de na ráitis, tá bosca curtha ar fáil chuige sin.



NCCA
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

## An Uirlis Féinmheastóireachta a Úsáid

**3.** Feicfidh tú **leideanna le machnamh a dhéanamh orthu** tar éis gach gné. Agus tú ag déanamh machnaimh orthu seo, smaoinigh ar do chleachtas — ar a ndéanann tú agus ar an gcaoi a ndéanann tú é. Cabhróidh sé seo leat a aithint cén rud a bhfuil ag éirí go maith leis agus cad iad na dúshláin laistigh de gach aon ghné.

**4.** Breac síos na hathruithe is mian leat a dhéanamh.

**5.** Tar éis duit an Uirlis Féinmheastóireachta a úsáid, d'fhéadfadh sé gur cuidiú agat breathnú ar na leathanaigh Samplaí agus Smaointe i gcomhair Cleachtais agus Acmhainní le Comhroinnt ar **aistearsiolta.ie**.

**6.** Cabhróidh an Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta sa rannán *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* leat athruithe ar leith is mian leat a dhéanamh a phleanáil.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 1: Cabhrú le teaghlaigh a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu

Is gné thábhachtach den chomhpháirtíocht iad glacadh le teaghlaigh agus pobail na leanaí agus ardmheas a bheith orthu.

| | Nuair a bhímid ag tacú le teaghlaigh a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | tugaimid cuireadh do theaghlaigh **cuairt a thabhairt ar ár suíomh** agus tugaimid **eolas** dóibh d'fhonn cabhrú leo a chinneadh an bhfuil an suíomh seo feiliúnach dá leanbh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 2 | úsáidimid **am socraithe isteach** le haithne a chur ar thuismitheoirí trí iarracht ar leith a dhéanamh caint leo go rialta agus cuirimid fáilte ó chroí rompu agus fágaimid slán acu gach lá. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 3 | déanaimid ár ndícheall a chinntiú go mbíonn **an t-aistriú chuig ár suíomh** éasca do gach leanbh agus do gach teaghlach, mar shampla, iarraimid ar thuismitheoirí foirm eolais a chomhlánú le cabhrú linn aithne a chur orthu. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 4 | iarraimid ar thuismitheoirí **grianghraif teaghlaigh nó rudaí eile** a thabhairt isteach ón mbaile agus a mhíniú cén fáth a bhfuil na rudaí seo tábhachtach lena leanbh a chur ar a chompord agus le braistint féiniúlachta agus muintearais an linbh a fhorbairt. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 5 | léirímid meas **do chultúir, do chúlraí agus do theangacha baile na leanaí** agus tacaímid leo, mar shampla, foghlaimímid focail thábhachtacha nó amhráin i dteangacha seachas teanga an tsuímh agus cuirimid leabhair ar fáil i dteangacha baile na leanaí, nuair is féidir. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Tacú le teaghlaigh a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu

| | Nuair a bhímid ag tacú le teaghlaigh a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **6** | iarraimid ar thuismitheoirí eolas faoina **gcultúr, faoina gcúlra agus faoina gcuid traidisiún** a chomhroinnt, mar shampla, téimid i ndáil chomhairle le teaghlaigh chun teacht ar bhealaí lena gcultúir a léiriú nó a cheiliúradh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **7** | spreagaimid tuismitheoirí agus teaghlaigh shínte go gníomhach chun **páirt a ghlacadh sa suíomh** ar bhealaí éagsúla agus ar luas a fheileann dóibh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **8** | úsáidimid **teanga an phobail** i ngach cumarsáid i scríbhinn le tuismitheoirí agus seachnaímid béarlagair ionas go mbeidh an t-eolas intuigthe. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **9** | oibrímid go dian le comhpháirtíochtaí a chothú leis na **tuismitheoirí siúd nach dtugann cuairt ar an suíomh go rialta**, mar shampla, cuirimid glao orthu, agus ríomhphost nó téacs chucu, scaipimid eolas trí mheáin shóisialta shlána, agus tugaimid cuireadh dóibh chuig imeachtaí amhail Laethanta Teaghlaigh nó Laethanta do Sheantuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **10** | spreagaimid agus cabhraímid le tuismitheoirí freastal ar **imeachtaí** sa suíomh trína reáchtáil ag **amanna a fheileann** dóibh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **11** | cinntímid go mbíonn **an trealamh, na hábhair agus na taispeántais ina léiriú ar ilchineálacht na dteaghlach** a úsáideann an suíomh, lena n-áirítear struchtúr teaghlaigh, míchumas, an lucht siúil, agus pobail nua. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 1: Tacú le teaghlaigh a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu

| | Nuair a bhímid ag tacú le teaghlaigh a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **12** | tá comharthaí fáilte againn **i nGaeilge, Béarla agus teangacha baile eile** na dteaghlach a úsáideann an suíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **13** | cuirimid am i leataobh le **héisteacht le tuismitheoirí** agus glacaimid lena mbuarthaí agus lena dtuairimí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **14** | tugaimid deiseanna do na **tuismitheoirí bualadh le chéile**, mar shampla, eagraímid maidineacha caife nó imeachtaí sóisialta eile agus cuirimid tuismitheoirí in aithne do thuismitheoirí na leanaí a bhfuil a leanbh féin cairdiúil leo. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

### Leideanna don mhachnamh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** chun tacú le tuismitheoirí a thuiscint go bhfuil fáilte rompu agus ardmheas orthu.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat agus tú ag tacú le tuismitheoirí a thuiscint go raibh fáilte rompu agus ardmheas orthu.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir *Samplaí agus Smaointe i gcomhair Cleachtais* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.


NCCA
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 2: Eolas a chomhroinnt faoin suíomh agus faoin gcuraclam

Tugtar do thuismitheoirí an t-eolas ar fad a theastaíonn uathu le tuiscint a fháil ar an suíomh agus ar an gcuraclam.

| | Nuair a bhímid ag comhroinnt eolais faoin suíomh agus faoin gcuraclam, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **comhroinnimid eolas** faoi na cineálacha eispéiris a thugaimid do na leanaí, an fáth a bhfuil siad sin tábhachtach, agus an chaoi a dtacaímid leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt trí na heispéiris seo, mar shampla, eagraímid seisiún eolais ar an gcuraclam ag tús na scoilbhliana agus úsáidimid taispeántais bhalla. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **2** | déanaimid iarracht ar leith cumarsáid a dhéanamh leis na **tuismitheoirí siúd ar dara teanga acu an Ghaeilge nó an Béarla**, mar shampla, úsáidimid grianghraif agus spreagaimid tuismitheoirí chun cabhrú linn ábhair a aistriú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **3** | cuirimid tuismitheoirí in aithne do na **daoine tábhachtacha** a bhíonn ag obair go díreach lena leanaí ó lá go lá agus mínímid dóibh má thagann aon athrú ar an bhfoireann nó ar ghnáthamh laethúil a linbh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **4** | comhroinnimid **eolas faoin oiliúint a chuirtear ar bhaill foirne agus faoi na cáilíochtaí atá acu**, mar aon le heolas faoi bhreisoiliúint agus faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **5** | mínímid **an cóimheas daoine fásta/leanaí** do thuismitheoirí agus cuirimid in iúl dóibh uaslíon agus aoisraon na leanaí i seomra a linbh sa suíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 2: Eolas a chomhroinnt faoin suíomh agus faoin gcuraclam

### Leideanna le machnamh a dhéanamh orthu

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh eolas a chomhroinnt le tuismitheoirí faoin suíomh agus faoin gcuraclam.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat nuair a bhí eolas á chomhroinnt agat le tuismitheoirí faoin suíomh agus faoin gcuraclam.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir leat *Samplaí agus Smaointe i gcomhair Cleachtais* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 3: Eolas faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí a chomhroinnt

Bíonn deiseanna ag tuismitheoirí eolas faoina leanbh a chomhroinnt agus is rialta a thugtar eolas dóibh faoi dhul chun cinn, ábhair spéise, riachtanais, iarrachtaí, gnóthachtálacha agus eispéiris laethúla a linbh. Comhroinntear an t-eolas ar roinnt bealaí éagsúla – ó bhéal, trí cháipéisí, agus ar bhealaí leictreonacha amhail ríomhphost, téacsteachtaireachtaí, agus grianghraif dhigiteacha. Nuair is féidir, comhroinneann an príomhdhuine an t-eolas leis an tuismitheoir.

| | Nuair a bhímid ag comhroinnt eolais faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí le tuismitheoirí, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | tugaimid **deiseanna neamhfhoirmeálta** do thuismitheoirí le comhrá a dhéanamh lena chéile, chomh maith le **deiseanna foirmeálta** le bualadh go príobháideach le ball foirne lena leanbh a phlé. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 2 | bímid gníomhach **ag lorg eolais ó thuismitheoirí**, mar shampla, fiafraímid díobh cé na **hábhair spéise atá ag a leanaí** agus déanaimid forbairt orthu sin sa suíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 3 | fiafraímid de thuismitheoirí **cén t-eolas a theastaíonn uathu** faoi eispéiris a linbh inár suíomh agus cuirimid an t-eolas seo ar fáil dóibh oiread agus is féidir linn. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 4 | comhroinnimid **samplaí d'eispéiris na leanaí** nuair a thugann tuismitheoirí cuairt ar an suíomh, mar shampla, taispeánaimid grianghraif a bhfuil foscríbhinní leo a chuireann síos ar a ndearna na leanaí agus ar ar fhoghlaim siad. Úsáidimid neart acu sin le cabhrú le tuismitheoirí ar teanga bhreise acu an Ghaeilge nó an Béarla. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 5 | seolaimid **ábhair maidir le heispéiris na leanaí abhaile**, mar shampla, punann ina léirítear eispéiris an linbh le himeacht ama agus tá córas againn chun aiseolas agus ceisteanna a fháil ó thuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |


NCCA
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

## Gné 3: Eolas faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí a chomhroinnt

| | Nuair a bhímid ag comhroinnt eolais faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí le tuismitheoirí, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | úsáidimid **clár fógraí** le tuismitheoirí a chur ar an eolas faoina ndéanann na leanaí agus faoina bhfoghlaimíonn siad le linn an lae. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 7 | úsáidimid **dialanna tuismitheoirí-cleachtóirí** a théann idir an baile agus an suíomh d'fhonn tacú le leanbáin agus lapadáin, agus le leanaí óga a bhfuil riachtanais bhreise acu. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 8 | úsáidimid **téacsteachtaireachtaí** le himeachtaí speisialta a chur i gcuimhne do thuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 9 | déanaimid **eolas a aistriú** ar mhaithe leis na tuismitheoirí siúd ar teanga bhreise acu an Ghaeilge nó an Béarla, le cabhair, nuair is iomchuí, ó thuismitheoirí/bhaill foirne a bhfuil teanga baile na dteaghlach acu. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 10 | déanaimid **iarrachtaí ar leith** comhoibriú agus tacú le tuismitheoirí nach féidir leo **de dheasca cúinsí deacra** bheith chomh páirteach i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí agus is mian leo. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 11 | ní chuirimid **dallamullóg ar thuismitheoirí** agus insímid dóibh, go pearsanta, faoi aon rud is údar imní dúinn ar bhealach tuisceanach, rúnda a luaithe agus is féidir linn. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

## Gné 3: Eolas faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí a chomhroinnt

| | Nuair a bhímid ag comhroinnt eolais faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí le tuismitheoirí, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **12** | tugaimid **bailiúchán** do thuismitheoirí i bpunann, mar shampla, de roinnt **eispéireas de chuid an linbh** nuair a bhíonn an leanbh ag bogadh ar aghaidh ón seomra nó ón suíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

### Leideanna don mhachnamh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh eolas a chomhroinnt le tuismitheoirí faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt a leanaí.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat nuair a bhí eolas á chomhroinnt agat le tuismitheoirí faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt a leanaí.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir leat *Samplaí agus Smaointe i gcomhair Cleachtais* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 4: Cabhrú le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt sa bhaile

Bíonn baill foirne idir mhothálach agus thuisceanach nuair a thugann siad eolas agus tacaíocht do thuismitheoirí chun cabhrú leo, ar a seal, tacú le foghlaim agus le forbairt a leanaí sa bhaile.

| | Nuair a bhímid ag cabhrú le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt sa bhaile, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | eagraímid **seisiúin eolais** ar ábhair amhail súgradh, an luathmhatamaitic, sult a bhaint as leabhair, bheith gníomhach go fisiciúil. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 2 | **scaipimid** bileoga eolais, leidbhileoga, DVDanna, agus **acmhainní** eile ar thuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 3 | cuirimid **eolas ar fáil i dteanga baile** na dtuismitheoirí nuair is féidir, mar shampla, leidbhileoga súgartha an CNCM. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 4 | tugaimid **leabhair pictiúr agus dlúthdhioscaí** d'amhráin agus de rainn do pháistí ar iasacht do thuismitheoirí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| 5 | iarraimid ar **thuismitheoirí am a chaitheamh sa suíomh** ionas gur féidir leo bheith páirteach agus foghlaim faoina ndéanann a leanaí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 4: Cabhrú le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt sa bhaile

| | Nuair a bhímid ag cabhrú le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt sa bhaile, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **6** | scaipimid **nuachtlitir** go rialta le heolas a chur ar fáil faoi eispéiris na leanaí, lena n-áirítear laethanta breithe, turais, topaicí atá á bhfiosrú agus smaointe a chuireann leis an bhfoghlaim sa bhaile, agus láithreáin gréasáin úsáideacha. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **7** | oibrímid as láimh a chéile le tuismitheoirí chun **comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha agus le gairmithe eile** d'fhonn cabhrú leis na leanaí a lánacmhainneacht a chomhlíonadh, mar shampla, obair le teiripeoirí urlabhra agus teanga, le haltraí sláinte poiblí, le hoibrithe sóisialta, agus eile. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **8** | comhroinnimid **eolas ar sheirbhísí agus ar áiseanna áitiúla**, mar shampla, an Coiste Áitiúil Cúram Leanaí sa chathair nó sa chontae, leabharlanna, cláir tacaíochta do thuismitheoirí, páirceanna áitiúla, iarsmalanna agus imeachtaí pobail. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

### Leideanna don mhachnamh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim agus forbairt a leanaí sa bhaile.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat nuair a bhí tú ag cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim agus le forbairt a leanaí sa bhaile.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir leat *Samplaí agus Smaointe i gcomhair Cleachtais* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 5: Dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí

Bailítear tuairimí agus smaointe tuismitheoirí agus déantar beart dá réir.

| | Nuair a bhímid ag dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | fiafraímid díobh, ag an rollú, **faoi na hionchais s'acu i leith an tsuímh agus faoi na mianta atá acu** dá leanaí agus iad inár gcuideachta agus seiceálaimid orthu sin i rith na bliana. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **2** | tugaimid deiseanna dóibh **aiseolas neamhfhoirmeálta** a thabhairt dúinn faoi eispéiris a leanaí nuair a labhraímid leo. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **3** | déanaimid **suirbhé ar na tuismitheoirí** ag deireadh na scoilbhliana, ina n-iarraimid orthu aiseolas a thabhairt ar eispéiris a leanaí agus aon smaointe chun feabhais atá acu a chur ar ár súile dúinn. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **4** | cuirimid ceist ar **thuismitheoirí leanaí atá ag bogadh chuig suíomh eile** faoin **taithí** a  bhí acu linn agus fiafraímid díobh cén chaoi a bhféadfaimis an obair a fheabhsú. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **5** | lorgaímid **smaointe** go rialta, amhail áiteanna le dul ar cuairt agus tionscadail le taighde. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 5: Dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí

| | Nuair a bhímid ag dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | tá **bosca moltaí** againn atá úsáideach do na tuismitheoirí nach bhfuil a ndóthain ama acu le comhrá a bheith acu linn nuair a bhailíonn siad a leanaí. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |

### Leideanna don mhachnamh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí.
- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat nuair a bhí tú ag dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí.
- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir leat *Samplaí agus Smaointe i gcomhair Cleachtais* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.

**Ainm an Chleachtóra**

**Dáta** LL/MM/BB

## Gné 6: Tuismitheoirí bheith páirteach ann agus ag cur leis an suíomh

Tugtar go leor deiseanna do thuismitheoirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sa suíomh, ag cur san áireamh réimse spéise agus srianta ama na dtuismitheoirí. Iarrtar ar thuismitheoirí bheith chomh páirteach agus is féidir leo d'fhonn na heispéiris foghlama a shaibhriú do na leanaí.

| | Le tuismitheoirí a spreagadh chun a bheith páirteach sa suíomh, | Riamh/Go hAnnamh | Uaireanta | Go Rialta | Beagnach i gCónaí | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | iarraimid ar thuismitheoirí **am a chur i leataobh** dúinn go rialta, mar shampla, le teacht in éineacht linn ar thurais agus le cabhrú le gníomhaíochtaí sa suíomh. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **2** | iarraimid ar thuismitheoirí **eispéiris a chomhroinnt** linn, mar shampla, insint dúinn faoin bpost atá acu, faoi áiteanna ar thug siad cuairt orthu, agus faoi ghnéithe suimiúla dá gcultúr. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |
| **3** | spreagaimid tuismitheoirí chun **a mbuanna agus a n-ábhair spéise a chomhroinnt linn**, mar shampla, ceol, garraíodóireacht, cócaireacht, seanchas, peataí a thabhairt isteach. | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | |



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Gné 6: Tuismitheoirí bheith páirteach ann agus ag cur leis an suíomh

### Leideanna don mhachnamh

- Smaoinigh ar a bhfuil **ag éirí go maith leis** i dtaobh rannpháirtíocht tuismitheoirí sa suíomh, agus iad bheith ag cur leis.

- Smaoinigh ar **na dúshláin** a bhí le sárú agat chun tuismitheoirí a spreagadh le bheith rannpháirteach sa suíomh, agus bheith ag cur leis.

- Cé na **gnéithe** den obair seo ar mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh agus díriú orthu sna seachtainí amach romhainn?

Is féidir leat *Samplaí agus Smaointe i gcomhair Cleachtais* agus *Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta* a úsáid sa Treoir Chleachtais le cabhrú leat an obair seo a phleanáil.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs